An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise, Trade and Employment

# Tuarascáil faoin Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008

## 1 Eanáir 2023 – 31 Nollaig 2023

## Réamhrá an Aire

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil ar ghníomhaíocht faoin Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008, a chlúdaíonn an tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2023, a thíolacadh. Tacaíonn an tuarascáil seo le hoibleagáid na hÉireann maidir le hoscailteacht agus trédhearcacht leanúnach i bhfeidhmiú na rialuithe onnmhairiúcháin, atá sa *Chlár don Rialtas – Ár dTodhchaí Roinnte.*

Sonraíonn an Tuarascáil seo gníomhaíocht cheadúnaithe na Roinne don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023. Soláthraíonn sí sonraí ar na ceadúnais a eisíodh, lena n-áirítear líon, luach agus ceann scríbe, de réir catagóire na n-earraí.

Tugtar achoimre sa tuarascáil freisin ar athruithe ar reachtaíocht rialaithe onnmhairí na hÉireann agus na hEorpa le linn 2023.

Tacaíonn Éire leis an tóir ar thrádáil oscailte, shaor agus fhreagrach atá fréamhaithe sa chóras iltaobhach, bunaithe ar rialacha, agus aithníonn sí freisin an tábhacht ríthábhachtach a bhaineann le slándáil dhomhanda agus cúinsí daonnúla sa trádáil. Tá Éire tiomanta do chosc a chur ar iomadú arm ollscriosta, do thacú le slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach, sceimhlitheoireacht a chosc agus cearta daonna a chosaint. Riarann agus forfheidhmíonn mo Roinn Rialuithe Onnmhairithe agus Smachtbhannaí Trádála AE de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde, de réir dlí an AE agus an dlí náisiúnta.

Cinnteoidh an Bille um an Acht chun Onnmhairí a Rialú 2023, nuair a chuirtear tús leis in 2024, go leanann Éire ar aghaidh ag feidhmiú creat láidir chun onnmhairiú earraí rialaithe a rialú, agus go mbeidh cumas forfheidhmithe cuimsitheach agus éifeachtach againn. Maolóidh an reachtaíocht an riosca go bhféadfaí míreanna rialaithe a onnmhairiú ó Éirinn de shárú ar na rialacháin agus a úsáid chun daoine a ghortú i gcoinbhleachtaí réigiúnacha nó chun sárú a dhéanamh ar chearta an duine i dtríú tíortha.

____________________________________

Peter Burke, T.D.
An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

# Clár ábhair

1. Réamhrá ... 2

2. Athruithe ar Reachtaíocht na hEorpa agus na hÉireann ... 2

3. Bearta Srianta AE arna nglacadh in 2023 ... 3

4. Sonraí Ceadúnais Onnmhairíochta ... 4

5. Iarratais ar Cheadúnais a Mheasúnú ... 7

6. For-rochtain agus Forfheidhmiú ... 9

Iarscríbhinn I – Rialacháin na hÉireann maidir le Smachtbhannaí AE ... 10

Iarscríbhinn II – Staidreamh Ceadúnais Onnmhairiúcháin –2023 ... 30

Iarscríbhinn III - Achoimre ar Chóid an Liosta Mhíleata ... 41

Iarscríbhinn IV – Achoimre ar Chatagóirí Dé-Úsáide ... 43

Iarscríbhinn V – Córais Iltaobhacha Neamhiomadaithe ... 44

Iarscríbhinn VI – Bearta Srianta AE ... 45

# 1. Réamhrá

Ceanglaíonn an tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2008 ar an Aire, a luaithe is indéanta tar éis dheireadh gach bliana, tuarascáil a ullmhú agus a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ar oibriú na nithe a thagann faoin Acht le linn na bliana roimhe sin. Déantar cur síos sa Tuarascáil seo ar ghníomhaíocht cheadúnaithe na Roinne don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023. Soláthraíonn sí sonraí ar na ceadúnais a eisíodh, lena n-áirítear líon, luach agus ceann scríbe, de réir catagóire na n-earraí.

Tugtar achoimre sa tuarascáil freisin ar na príomhathruithe ar reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa thar an tréimhse sin. Liostaítear in Iarscríbhinn I na rialacháin Éireannacha a achtaíodh chun tacú le forfheidhmiú Bearta Srianta an AE. Tá staidrimh mhionsonraithe ar na ceadúnais a eisíodh leagtha amach in Iarscríbhinn II. Tá faisnéis bhreise ar na catagóirí earraí míleata leagtha amach in Iarscríbhinn III agus tá earraí 'Dé-úsáide' leagtha amach in Iarscríbhinn IV. Soláthraíonn Iarscríbhinn V sonraí ar na córais iltaobhacha, neamhiomadaithe ina bhfuil Éire rannpháirteach agus soláthraíonn Iarscríbhinn VI forbhreathnú ar Bhearta Srianta an AE.

Tá tuarascálacha roimhe seo ar fheidhmiú réimeas rialaithe onnmhairí na hÉireann ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

# 2. Athruithe ar Reachtaíocht na hEorpa agus na hÉireann

## Nuashonruithe ar an Liosta Coiteann Míleata

Leagtar amach i Liosta Coiteann Míleata an AE[1]na sainmhínithe agus na sonraíochtaí teicniúla ar threalamh a bhaineann le cosaint atá faoi réir Rialuithe Onnmhairithe. Leasaítear agus nuashonraítear an liosta seo go tréimhsiúil, an ceann is déanaí, i mí Feabhra 2023.

---

[1] Liosta Coiteann Míleata an Aontais Eorpaigh arna ghlacadh ag an gComhairle an 20 Feabhra 2023 (trealamh a chumhdaítear le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle lena sainítear comhrialacha lena rialaítear onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata a rialú)

## Nuashonruithe ar an Rialachán Dé-Úsáide

Déanann an Coimisiún Eorpach liosta rialaithe onnmhairiúcháin dé-úsáide an AE in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 a nuashonrú go tréimhsiúil chun a ailíniú a choinneáil leis na liostaí arna dtiomsú ag na córais idirnáisiúnta neamhiomadaithe iltaobhacha[2], ina bhfuil Éire agus an tAontas Eorpach rannpháirteach iontu. Leagtar amach i liosta rialaithe Iarscríbhinn I na hítimí dé-úsáide a dteastaíonn údarú onnmhairiúcháin uathu.

Ní dhearnadh aon nuashonruithe in 2023.

## An tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2023

Shínigh an tUachtarán an tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2023 ina dhlí an 26 Deireadh Fómhair 2023.

Cinntíonn an tAcht go bhfuil bunús maith dlí ag an Aire chun rialuithe onnmhairiúcháin a riar in Éirinn tríd an Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008 a thabhairt cothrom le dáta agus foráil a dhéanamh do na nithe seo a leanas:

- rialuithe a bhaineann le hítimí dé-úsáide;
- rialuithe a bhaineann le míreanna míleata;
- bunú Liosta Rialaithe Onnmhairithe Míleata Náisiúnta;
- rialacha agus coinníollacha maidir le húdaruithe a fháil agus a úsáid;
- painéal neamhspleách breithnithe a bhunú chun éisteacht le hachomhairc agus iarratais ar nochtadh;
- cumas forfheidhmithe éifeachtach d’Oifigigh Údaraithe;
- sraith chuimsitheach cionta a bhunú i leith sáruithe ar na rialuithe; agus,
- pionóis chomhréireacha, chéimnithe agus athchomhairleacha as sáruithe.

Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an Acht chun Onnmhairí a Rialú le linn 2024.

# 3. Bearta Srianta AE arna nglacadh in 2023

Is ionstraimí iad smachtbhannaí AE, ar a dtugtar bearta sriantacha an AE freisin, a úsáideann an AE chun athrú a dhéanamh ar bheartais nó ar ghníomhaíochtaí tíortha eile. Is féidir iad a úsáid chun dul i ngleic le sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta nó ar chearta an duine, agus chun an tsíocháin, an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn. Is minic a thugtar isteach

[2] Féach Iarscríbhinn V le haghaidh faisnéise ar Chórais Iltaobhacha Neamhiomadaithe.

bearta sriantacha AE chun rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme. Le haghaidh tuilleadh eolais féach ar Iarscríbhinn VI.

Roinneann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Airgeadais freagracht as ionstraimí reachtúla a dhréachtú chun foráil a dhéanamh do phionóis sa dlí náisiúnta as sáruithe ar bhearta sriantacha an AE. Rinne an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais seachtó cúig ionstraim reachtúil nua le linn 2023, chun lánéifeacht dhlíthiúil a thabhairt in Éirinn do Bhearta Srianta AE nua agus nuashonraithe (féach Iarscríbhinn I le haghaidh sonraí iomlána maidir leis na Rialacháin seo).

Is í an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an t-údarás inniúil náisiúnta freisin atá freagrach as gnéithe trádála de Bhearta Srianta an AE a fhorfheidhmiú.

### Smachtbhannaí an AE mar fhreagra ar an Staid san Úcráin

In 2023, ghlac an AE smachtbhannaí breise mar fhreagairt ar ionsaí míleata neamhdhlíthiúil agus neamhspreagtha na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Cuireann na smachtbhannaí sin leis na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm in 2014 agus leathnaíonn siad iad tar éis ionghabhála na Rúise ar an gCrimé, eadhon, Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise lena ndéantar staid na hÚcráine a dhíchobhsú. Tar éis 9 bpacáiste beart a chur chun feidhme in 2022, glacadh 3 phacáiste smachtbhannaí eile in 2023.

Áirítear leis na bearta breise rialuithe ar allmhairiú agus onnmhairiú raon leathan earraí agus seirbhísí straitéiseacha lena n-áirítear rialuithe ar onnmhairí laistigh de chuideachtaí chuig fochuideachtaí Rúiseacha de chuid cuideachtaí an AE.

Ar an gcaoi chéanna, chuir an AE le smachtbhannaí i gcoinne eintitis agus daoine aonair na Bealarúise trí bhreisithe le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle, maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis, agus i gcoinne na hIaráine trí Rialachán 2023/1529 ón gComhairle, maidir le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine de chogadh ionsaitheach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

## 4. Sonraí Ceadúnais Onnmhairíochta

### Ceadúnais Dé-Úsáide Aonair

Eisíodh seacht gcéad nócha (790) ceadúnas dé-úsáide aonair in 2023, méadú 14% ar an méid ar na 691 ceadúnas a eisíodh in 2022. Mar sin féin, mhéadaigh luach na gceadúnas sin breis agus 140% i gcomparáid le 2022, ó €513.4 milliún go €1,232.4 milliún in 2023.

Eisíodh fiche ceadúnas arbh fhiú breis agus €400 milliún iad maidir le hearraí Chatagóir 0 (leigheasanna speisialaithe). Mhéadaigh luach na gceadúnas a eisíodh d'earraí Chatagóir 1 ó níos lú ná €1 milliún in 2022 go breis agus €13 milliún in 2023 agus eisíodh ceadúnais, ar luach díreach os cionn €6 mhilliún i leith earraí Chatagóir 2, laghdú ar an €13 milliún eisithe in 2022.

Tháinig laghdú ar luach na gceadúnas a eisíodh le haghaidh míreanna Chatagóir 3 ó €184.5 milliún in 2022 go €170 milliún in 2023 agus léirigh luach na gceadúnas a eisíodh le haghaidh míreanna Chatagóir 5, méadú suntasach ó €212 milliún in 2022 go €611 milliún sa bhliain 2023.

Rinneadh méid beag onnmhairí faoi chatagóirí 6, 7 agus 9 de díreach os cionn €1 milliún, €2 milliún agus €1 milliún faoi seach, inchomparáide le 2022. Níor eisíodh aon cheadúnais le haghaidh onnmhairiú mireanna i gcatagóirí 4 agus 8[3] in 2023.

Áirítear i gCatagóir 5 go leor táirgí caighdeánacha TFC gnó, idir chrua-earraí agus bogearraí (e.g. stóráil sonraí, líonrú, cibearshlándáil). Ionchorpraíonn siad seo criptiú láidir chun críocha slándála agus dá bhrí sin tá siad faoi réir Rialuithe Onnmhairithe.

## Ceadúnais Dé-Úsáide Domhanda

Údaraíonn ceadúnais dhomhanda lastais iolracha de raon sonraithe earraí agus teicneolaíochta go dtí ceann scríbe amháin nó níos mó agus féadfaidh an Roinn iad a eisiúint do chuideachtaí a bhfuil líon an-ard onnmhairí a mbaineann riosca íseal leo. Ní eisítear iad, áfach, ach amháin tar éis dianmheasúnú riosca a dhéanamh ar na hearraí agus ar na tíortha lena mbaineann agus ar stair chomhlíonta an onnmhaireora. Tá na hearraí agus na tíortha clúdaithe faoi réir cheadú na Roinne agus sonraítear iad ar an gceadúnas.

Ina theannta sin, eisítear ceadúnais onnmhairiúcháin dé-úsáide domhanda faoi réir roinnt coinníollacha dochta, amhail toirmeasc ar a n-úsáid le haghaidh onnmhairiú chuig úsáideoirí deiridh slándála míleata, póilíní nó slándála Stáit. Ní mór do shealbhóirí ceadúnais domhanda iarratas a dhéanamh ar cheadúnas dé-úsáide aonair i gcás go bhfuil sé ar intinn acu onnmhairiú chuig na catagóirí úsáideoirí deiridh sin.

Tairgeann an Roinn dhá chineál ceadúnais dhomhanda, clúdaíonn ceadúnas amháin onnmhairí chuig cinn scríbe íogaire, agus clúdaíonn ceann amháin onnmhairí chuig cinn

[3] Féach ar Iarscríbhinn IV le haghaidh achoimre ar na catagóirí Dé-Úsáide

scríbe nach bhfuil chomh híogair sin, ag aithint na rioscaí breise a bhaineann le hearraí rialaithe a onnmhairiú chuig cinn scríbe íogaire. Bhí caoga a cúig (55) ceadúnas dé-úsáide domhanda in úsáid in 2023. Ba é luach na n-onnmhairí iarbhír a tuairiscíodh faoi cheadúnais dhomhanda dé-úsáide in 2023 ná €1,100.0 milliún i gcomparáid le €1,807.4 milliún in 2022, laghdú 39%. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, ba mhíreanna Chatagóir 5 formhór na n-onnmhairí faoi cheadúnas domhanda in 2023.

## Ceadúnais Mhíleata

Coinníonn an AE liosta de threalamh míleata, ar a dtugtar Liosta Coiteann Míleata an AE. Tá 22 chatagóir trealaimh ar an Liosta (féach ar Iarscríbhinn III). Teastaíonn ceadúnas le haghaidh aistrithe trealaimh ar an liosta seo laistigh den AE, agus ar mhaithe le honnmhairiú chuig tríú tír (i.e. lasmuigh den AE).

I rith 2023, eisíodh 184 ceadúnas míleata aonair, ar luach iomlán €278.8 milliún iad. Ba mhéadú é seo ar tháirgeacht 2022 nuair a eisíodh 133 ceadúnas ar luach iomlán €125.8 milliún.

In 2023 ba é an chatagóir ba mhó d'onnmhairí ceadúnaithe míleata ná comhpháirteanna aerárthaigh, arbh ionann é agus breis is €100 milliún. Eisíodh deich (10) gceadúnas maidir le honnmhairithe arm tine pearsanta le haghaidh seilge nó spóirt, trí cinn níos lú ná in 2022, go príomha i ndáil le hairm tine a onnmhairíodh chuig an RA lena deisiú.

Eisíodh ceadúnas aistrithe domhanda (míleata) amháin in 2023 ar luach €7.8m. Úsáidtear ceadúnais Aistrithe Domhanda chun táirgí a bhaineann le cosaint a aistriú idir Ballstáit an AE.

## Ceadúnais Bhróicéireachta

Tá gá le ceadúnas bróicéireachta sa chás go bíonn duine nó eintiteas i mbun caibidlíochta nó ag socrú idirbheart chun earraí rialaithe a cheannach, a dhíol nó a sholáthar ó thríú tír chuig tríú tír eile; ón Stát go dtí tríú tír; nó ó bhallstát eile go tríú tír.

Eisíodh ceithre cheadúnas bróicéireachta in 2023 arbh fhiú €1.3 milliún iad.

## Cosaint Sonraí

Tá sé mar aidhm ag an tuarascáil seo a oiread trédhearcachta agus is féidir a sholáthar maidir le gníomhaíocht cheadúnaithe. Mar sin féin, tá meas ag an Roinn freisin ar íogaireacht tráchtála agus rúndacht na faisnéise a sholáthraíonn onnmhaireoirí. Tá freagracht ar an Roinn

freisin pearsanra agus saoráidí onnmhaireoirí a chosaint. Dá bharr sin, tuairiscítear sonraí onnmhairíochta i bhfoirm chomhiomlán.

Leagtar amach sa tábla thíos faisnéis achomair maidir le líon agus luach na gceadúnas a dheonaigh an Roinn le linn 2022 agus 2023. Tá faisnéis staidrimh níos mionsonraithe leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.

### Sonraí Achoimre ar Líon agus Luachanna na gCeadúnas a Eisíodh

| Cineál Ceadúnais | Líon de réir Bliana | | Luach de réir Bliana € | |
|---|---|---|---|---|
| | **2022** | **2023** | **2022** | **2023** |
| Dé-Úsáid Aonair | 691 | 790 | 513.4m | 1,232.4m |
| Dé-Úsáid Dhomhanda | 52 | 55 | 1,807.4m | 1,100.0m |
| Míleata Aonair | 133 | 184 | 125.8m | 278.8m |
| Míleata Domhanda | 1 | 1 | 9.4m | 7.8m |
| Bróicéireacht | 2 | 4 | 0.1m | 1.3m |
| **IOMLÁN** | **879** | **1,033** | **2,456.1m** | **2,620.3m** |

## 5. Iarratais ar Cheadúnais a Mheasúnú

Díríonn measúnú na n-iarratas ar cheadúnais ar a fhíorú, a mhéid is féidir, go n-úsáidfidh an t-úsáideoir deiridh sonraithe an ítim atá le honnmhairiú don úsáid deiridh luaite agus nach n-úsáidfear nó nach n-atreorófar í chun críche aindleathaí, e.g., i ndáil le hairm ollscriosta nó chun cearta daonna a shárú. Éascaíonn na cosaintí atá mar chuid de chóras ceadúnaithe an AE seiceálacha láidre agus cros-seiceálacha ina leith seo.

Téann an Roinn i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir le gach iarratas ar cheadúnas maidir le haon ábhar imní faoi bheartas eachtrach, lena n-áirítear breithnithe cearta daonna, a d’fhéadfadh teacht chun cinn de bharr na n-idirbheart onnmhairithe atá beartaithe. Téann sí i gcomhairle freisin le húdaráis cheadúnaithe onnmhairithe eile de chuid an AE agus idirnáisiúnta, de réir mar is cuí.

Déantar athbhreithniú freisin ar iarratais i gcoinne aon Bheart Srianta de chuid an AE, mar smachtbhannaí trádála nó lánchosc arm, a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm maidir leis an tír chinn scríbe.

In 2023, diúltaíodh do 16 iarratas ar cheadúnais onnmhairiúcháin ar fhorais bhreithnithe maidir leis an úsáid deiridh a bhí beartaithe, cosaint chearta an duine, an riosca atreoraithe agus smachtbhannaí AE.

## Critéir Mheasúnaithe

Leagann an Rialachán Dé-Úsáide amach na critéir mheasúnaithe chun cinneadh a dhéanamh ar cheart ceadúnas dé-úsáide aonair nó domhanda a dheonú nó a dhiúltú. Ceanglaítear le hAirteagal 15 go gcuirfidh na Ballstáit na gnéithe ábhartha go léir san áireamh lena n-áirítear:

a) Oibleagáidí agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát, go háirithe na hoibleagáidí agus na gealltanais a ghlac siad araon mar chomhaltaí de na córais idirnáisiúnta neamh-iomadaithe ábhartha agus de na socruithe rialaithe onnmhairiúcháin, nó trí chonarthaí idirnáisiúnta ábhartha a dhaingniú.
b) A n-oibleagáidí faoi smachtbhannaí arna bhforchur le cinneadh nó le comhsheasamh arna ghlacadh ag an gComhairle nó trí chinneadh ón ESCE nó trí rún ceangailteach ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.
c) Breithnithe an bheartais náisiúnta eachtraigh agus slándála, lena n-áirítear iad siúd a chumhdaítear le *Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha lena rialaítear onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata*.
d) Breithnithe maidir leis an úsáid deiridh atá beartaithe agus an riosca atreoraithe.

Leagtar amach sa Chomhsheasamh, dá dtagraítear i bpointe (c) thuas, critéir chomhchoiteanna ar cheart iarratais ar onnmhairiú earraí míleata a mheasúnú ina n-aghaidh. Is iad seo a leanas:

<u>Critéar a hAon</u>: Urramú ar oibleagáidí agus ar thiomantais idirnáisiúnta na mBallstát, go háirithe, smachtbhannaí arna nglacadh ag Comhairle Slándála na NA nó ag an Aontas Eorpach, comhaontuithe ar neamhiomadú agus ábhair eile, chomh maith le hoibleagáidí idirnáisiúnta eile.

<u>Critéar a Dó</u>: Meas ar chearta an duine sa tír chinn scríbe chomh maith le meas ag an tír sin ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

Critéar a Trí: Staid inmheánach sa tír chinn scríbe deiridh, mar fheidhm de theannas nó coinbhleachtaí armtha a bheith ann.

Critéar a Ceathair: Síocháin, slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach a chaomhnú.

Critéar a Cúig: Slándáil náisiúnta na mBallstát agus na gcríoch a bhfuil Ballstát freagrach as a gcaidreamh eachtrach, mar aon le slándáil náisiúnta na mBallstát agus na dtíortha comhghuaillithe.

Critéar a Sé: Iompar na tíre ceannaitheora maidir leis an bpobal idirnáisiúnta, go háirithe maidir lena dearcadh i leith na sceimhlitheoireachta, nádúr a comhghuaillíochtaí agus meas ar an dlí idirnáisiúnta.

Critéar a Seacht: Riosca a bheith ann go ndéanfar an teicneolaíocht mhíleata nó an trealamh míleata a atreorú laistigh den tír cheannaitheora nó a athonnmhairiú faoi choinníollacha neamh-inmhianaithe.

Critéar a hOcht: Comhoiriúnacht onnmhairí na teicneolaíochta míleata nó an trealaimh mhíleata le hacmhainneacht theicniúil agus eacnamaíoch na tíre atá mar fhaighteoir, ag cur san áireamh a inmhianaithe is atá sé go bhfreastalódh stáit ar a riachtanais dhlisteanacha shlándála agus chosanta leis an atreorú is lú acmhainní daonna agus eacnamaíoch le haghaidh armálacha.

# 6. For-rochtain agus Forfheidhmiú

Rinne Oifigigh Údaraithe na Roinne 34 iniúchadh comhlíonta ar an láthair le honnmhaireoirí i rith 2023. Leanann an Roinn ar aghaidh ag déileáil le líon mór fiosrúchán ó thrádálaithe maidir le smachtbhannaí, go háirithe iad sin a eascraíonn as ionradh na Rúise ar an Úcráin agus an díchill chuí a theastaíonn ó thrádálaithe, chomh maith le fiosrúcháin ghinearálta a bhaineann le rialú onnmhairiúcháin. Reáchtáil an Roinn seimineár gréasáin ar líne freisin maidir le cigireachtaí comhlíonta ar a raibh breis agus 150 duine i láthair.

I rith 2023, lean an Roinn de bheith i dteagmháil le heagraíochtaí poiblí a dhéanann taighde agus a gcomhlachtaí ionadaíocha, rud a d’eascair ardú suntasach ar phróifíl na rialuithe onnmhairithe san earnáil acadúil. Ghlac Oifigigh Údaraithe na Roinne páirt i gcruinnithe Oifigeach Forfheidhmithe uile-AE ar Rialuithe Onnmhairithe d’earraí Dé-úsáide agus míleata. Cuireann na cruinnithe seo le cumas an AE iarrachtaí imchéimnithe a chomhrac trí fhaisnéis agus dea-chleachtas a roinnt.

Tá tús curtha ag an Roinn freisin leis an méid mór oibre atá ag teastáil le súil le tosach feidhme an Acht chun Onnmhairí a Rialú, 2023, a bheidh ag tarlú in 2024. Áiríodh leis an obair ullmhúcháin seo scéim phíolótach d'iniúchtaí fíorúla a d'éirigh go han-mhaith.

Tacaíonn an Roinn le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus í ag comhlíonadh a dleachtanna custaim ag an bpointe onnmhairíochta agus allmhairithe. Mar chuid den chúnamh seo, tarchuirtear sonraí faoi idirbhearta áirithe ar feitheamh a d'fhéadfadh a bheith faoi réir rialuithe onnmhairiúcháin chuig an Roinn lena scrúdú. In 2023 chabhraigh an Roinn le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le 216 idirbheart.

# Iarscríbhinn I – Rialacháin na hÉireann maidir le Smachtbhannaí AE

## 1. Bearta Srianta maidir le Gníomhaíochtaí

**<u>Cibearionsaithe</u>**

1. **I.R. Uimh. 276/2023 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i gcoinne Cibearionsaithe a Bhagairt ar an Aontas nó ar a Bhallstáit) 2023**
2. **I.R. Uimh. 605/2023 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i gcoinne Cibearionsaithe a Bhagairt ar an Aontas nó ar a Bhallstáit) 2023**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorghníomhú beart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 2019/796 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i gcoinne Cibearionsaithe atá ina mbagairt ar an Aontas nó ar a Bhallstáit. Áirítear le héifeacht na mbeart seo:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe liostaithe a chalcadh.
- Toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a sholáthar do na pearsana aonair agus do na heintitis liostaithe.

Forálann na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaíonn na Rialacháin freisin cionta as sárú ar Rialachán na Comhairle nó as mainneachtain treoracha údaráis inniúla an Stáit a chomhlíonadh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm agus forálann siad do phionóis chuí.

**<u>Mí-Úsáidí Tromchúiseacha agus Sáruithe Cearta Daonna</u>**

1. **I.R. Uimh. 146/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta i gcoinne Sáruithe agus Mí-Úsáidí Tromchúiseacha ar Chearta an Duine) 2023**
2. **I.R. Uimh. 515/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta i gcoinne Sáruithe agus Mí-Úsáidí Tromchúiseacha ar Chearta an Duine) (Uimh. 2), 2023**

3. **I.R. Uimh. 710/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta i gcoinne Sáruithe agus Mí-Úsáidí Tromchúiseacha ar Chearta an Duine) (Uimh. 2), 2023**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorghníomhú beart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 2020/1998 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha i gcoinne sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine. Áirítear le héifeacht na mbeart seo:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe liostaithe a chalcadh.
- Toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a sholáthar do na pearsana aonair agus do na heintitis liostaithe.

Forálann na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaíonn na Rialacháin freisin cionta as sárú ar Rialachán na Comhairle nó as mainneachtain treoracha údaráis inniúla an Stáit a chomhlíonadh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm agus forálann siad do phionóis chuí.

**Sceimhlitheoireacht**

1. **I.R. Uimh. 83/2023 - Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Srianta maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe d'fhonn Sceimhlitheoireacht a Chomhrac) 2023**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorghníomhú beart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sonracha chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Áirítear le héifeachtaí na mbeart seo:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe liostaithe a chalcadh.
- Toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a sholáthar do na pearsana aonair agus do na heintitis liostaithe.
- Toirmeasc ar éilimh arna ndéanamh ag daoine áirithe i dtaca le haon chonradh nó idirbheart a ndéanann na bearta a fhorchuirtear leis an Rialachán difear dó a shásamh.

Forálann na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaíonn na Rialacháin freisin cionta as sárú ar Rialachán na Comhairle nó as mainneachtain treoracha údaráis inniúla an Stáit a chomhlíonadh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm agus forálann siad do phionóis chuí.

**<u>Sceimhlitheoireacht (ISIL/Da'esh & Al-Qaida)</u>**

1. **I.R. Uimh. 7/2023 - Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Srianta maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe a Bhaineann le hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) 2023**
2. **I.R. Uimh. 36/2023 - Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Srianta maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe a Bhaineann le hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 2) 2023**
3. **I.R. Uimh. 60/2023 - Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Srianta maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe a Bhaineann le hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 3) 2023**
4. **I.R. Uimh. 174/2023 - Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Srianta maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe a Bhaineann le hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 4) 2023**
5. **I.R. Uimh. 228/2023 - Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Srianta maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe a Bhaineann le hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 5) 2023**
6. **I.R. Uimh. 310/2023 - Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Srianta maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe a Bhaineann le hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 6) 2023**
7. **I.R. Uimh. 411/2023 - Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Srianta maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe a Bhaineann le hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 7) 2023**
8. **I.R. Uimh. 621/2023 - Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Srianta maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe a Bhaineann le hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 8) 2023**
9. **I.R. Uimh. 175/2023 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir le ISIL (Da'esh) agus Al-qaeda agus Daoine Nádúrtha agus Dlíthiúla, Eintitis nó Comhlachtaí a Bhaineann leo) 2023**
10. **I.R. Uimh. 191/2023 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir le ISIL (Da'esh) agus Al-qaeda agus Daoine Nádúrtha agus Dlíthiúla, Eintitis nó Comhlachtaí a Bhaineann leo) (Uimh. 2) 2023**

11. **I.R. Uimh. 277/2023 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir le ISIL (Da'esh) agus Al-qaeda agus Daoine Nádúrtha agus Dlíthiúla, Eintitis nó Comhlachtaí a Bhaineann leo) (Uimh. 3) 2023**
12. **I.R. Uimh. 309/2023 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir le ISIL (Da'esh) agus Al-qaeda agus Daoine Nádúrtha agus Dlíthiúla, Eintitis nó Comhlachtaí a Bhaineann leo) (Uimh. 4) 2023**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorghníomhú na mbeart sriantach atá i Rialachán Uimh 881/2002 (CE) ón gComhairle, arna leasú, lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe a bhfuil baint acu le heagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida. Áirítear le héifeachtaí na mbeart seo:

- Toirmisc ar onnmhairiú arm nó ábhar gaolmhar, agus ar chúnamh agus seirbhísí teicniúla agus airgeadais a sholáthar do dhaoine aonair agus d'eintitis áirithe liostaithe.
- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe liostaithe a chalcadh.
- Toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a sholáthar do na pearsana aonair agus do na heintitis liostaithe.
- Toirmeasc ar éilimh arna ndéanamh ag daoine áirithe i dtaca le haon chonradh nó idirbheart a ndéanann na bearta a fhorchuirtear leis an Rialachán difear dó a shásamh.

Forálann na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaíonn na Rialacháin freisin cionta as sárú ar Rialachán na Comhairle nó as mainneachtain treoracha údaráis inniúla an Stáit a chomhlíonadh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm agus forálann siad do phionóis chuí.

## 2. Bearta Srianta maidir le Tíortha

**An Bhealarúis**

1. **I.R. Uimh. 84/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir leis an mBealarúis) 2023**
2. **I.R. Uimh. 275/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir leis an mBealarúis) (Uimh. 2), 2023**
3. **I.R. Uimh. 417/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir leis an mBealarúis) (Uimh. 3), 2023**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorghníomhú beart sriantach atá i Rialachán (AE) 765/2006 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha a bhaineann leis an mBealarúis. Áirítear le héifeacht na mbeart seo:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe liostaithe a chalcadh.
- Toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a sholáthar do na pearsana aonair agus do na heintitis liostaithe.
- Toirmisc ar dhíol/onnmhairiú earraí a d'fhéadfaí a úsáid chun críocha faoi chois inmheánach agus ar sholáthar seirbhísí a bhaineann leis an trealamh sin.

Forálann na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaíonn na Rialacháin freisin cionta as sárú ar Rialachán na Comhairle nó as mainneachtain treoracha údaráis inniúla an Stáit a chomhlíonadh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm agus forálann siad do phionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an mBealarúis.

**Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré**

1. **I.R. Uimh. 148/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) 2023**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorghníomhú beart sriantach atá i Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha a bhaineann le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPRK). Áirítear le héifeachtaí na mbeart seo:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe liostaithe a chalcadh.
- Toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a sholáthar do na pearsana aonair agus do na heintitis liostaithe.
- Toirmeasc ar ghníomhaíochtaí áirithe a sholáthar i ndáil le hearraí míleata agus teicneolaíocht.
- Toirmeasc ar shrianta onnmhairiúcháin agus allmhairiúcháin ar earraí dé-úsáide agus ar earraí a d'fhéadfadh rannchuidiú le cláir núicléacha nó airm DPRK.
- Toirmeasc ar onnmhairiú earraí só.
- Srianta ar onnmhairiú agus ar allmhairí i ndáil le hór, le miotail lómhara agus le diamaint agus le soláthar bróicéireachta, cúnaimh theicniúil nó cúnaimh airgeadais i ndáil leis na míreanna sin.
- Srianta ar onnmhairiú i ndáil le nótaí bainc agus mona DPRK.
- Srianta iompair.
- Smachtbhannaí airgeadais agus infheistíochta.
- Toirmisc earnála maidir le hór agus mianta agus mianraí áirithe a fháil.
- Toirmeasc ar bhreosla eitlíochta a dhíol nó a sholáthar.
- toirmeasc ar leachtanna gáis nádúrtha a dhíol le DPRK.
- toirmeasc ar allmhairí teicstíle ó DPRK.
- toirmisc ar tháirgí peitriliam scagtha agus amhola a dhíol le DPRK.
- toirmeasc ar aistrithe ó long go long chuig soithí faoi bhratach an DPRK nó uathu a éascú.

Forálann na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaíonn na Rialacháin freisin cionta as sárú ar Rialachán na Comhairle nó as mainneachtain treoracha údaráis inniúla an Stáit a chomhlíonadh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm agus forálann siad do phionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le DPRK.

**Poblacht Dhaonlathach an Chongó**

1. **I.R. Uimh. 145/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó) 2023**
2. **I.R. Uimh. 711/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (Uimh. 2), 2023**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorghníomhú beart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha a bhaineann le Poblacht Dhaonlathach an Chongó. Áirítear le héifeachtaí na mbeart seo:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe liostaithe a chalcadh.
- Toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a sholáthar do na pearsana aonair agus do na heintitis liostaithe.
- Toirmeasc ar ghníomhaíochtaí áirithe a sholáthar i ndáil le hearraí míleata agus teicneolaíocht.
- Toirmeasc ar éilimh arna ndéanamh ag daoine áirithe i dtaca le haon chonradh nó idirbheart a ndéanann na bearta a fhorchuirtear leis an Rialachán difear dó a shásamh.

Forálann na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaíonn na Rialacháin freisin cionta as sárú ar Rialachán na Comhairle nó as mainneachtain treoracha údaráis inniúla an Stáit a chomhlíonadh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm agus forálann siad do phionóis chuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

**Guine Bissau**

1- **I.R. Uimh. 707/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir le Poblacht Ghuine-Bissau) 2023**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorghníomhú beart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh 377/2012, ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine-Bissau i mbaol. Áirítear le héifeachtaí na mbeart seo:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe liostaithe a chalcadh.

- Toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a sholáthar do na pearsana aonair agus do na heintitis liostaithe.

Forálann na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaíonn na Rialacháin freisin cionta as sárú ar Rialachán na Comhairle nó as mainneachtain treoracha údaráis inniúla an Stáit a chomhlíonadh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm agus forálann siad do phionóis chuí.

<u>**Haiti**</u>

1. **I.R. Uimh. 144/2023 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir le Háití) 2023**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d’fhorghníomhú beart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 2022/2309 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha a dhírítear ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Háítí i mbaol. Áirítear le héifeachtaí na mbeart seo:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe liostaithe a chalcadh.
- Toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a sholáthar do na pearsana aonair agus do na heintitis liostaithe.

Forálann na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaíonn na Rialacháin freisin cionta as sárú ar Rialachán na Comhairle nó as mainneachtain treoracha údaráis inniúla an Stáit a chomhlíonadh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm agus forálann siad do phionóis chuí.

<u>**An Iaráin (Sáruithe ar Chearta an Duine)**</u>

1. **I.R. Uimh. 147/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir leis an Iaráin), 2023**
2. **I.R. Uimh. 514/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir leis an Iaráin) (Uimh. 2), 2023**

3. **I.R. Uimh. 709/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir leis an Iaráin) (Uimh. 3), 2023**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorghníomhú beart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha a bhaineann leis an Iaráin. Áirítear le héifeacht na mbeart seo:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe liostaithe a chalcadh.
- Toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a sholáthar do na pearsana aonair agus do na heintitis liostaithe.
- Toirmisc ar:
  - dhíol/onnmhairiú earraí a d'fhéadfaí a úsáid chun críocha brú faoi chois inmheánach agus trealamh liostaithe eile.
  - ghníomhaíochtaí áirithe a sholáthar i ndáil le hearraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh brú faoi chois inmheánach nó trealamh liostaithe eile.

Forálann na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaíonn na Rialacháin freisin cionta as sárú ar Rialachán na Comhairle nó as mainneachtain treoracha údaráis inniúla an Stáit a chomhlíonadh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm agus forálann siad do phionóis chuí.

**<u>An Iaráin (Neamhiomadú Airm Ollscriosta)</u>**

1. **I.R. Uimh. 708/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir leis an Iaráin) (Uimh. 4), 2023**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorghníomhú beart sriantach atá i Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha a bhaineann leis an Iaráin. Áirítear le héifeacht na mbeart seo:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe liostaithe a chalcadh.
- Toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a sholáthar do na pearsana aonair agus do na heintitis liostaithe.
- Toirmeasc ar theicneolaíocht diúracán a sholáthar.

- Toirmeasc ar éilimh arna ndéanamh ag daoine áirithe i dtaca le haon chonradh nó idirbheart a ndéanann na bearta a fhorchuirtear leis an Rialachán difear dó a shásamh.
- Córais údaraithe maidir le:
    - Soláthar earraí áirithe a bhaineann le gníomhaíochtaí áirithe cumhachta núicléiche.
    - Bogearraí Pleanála Acmhainní Fiontair a sholáthar atá deartha le húsáid i ngníomhaíochtaí núicléacha agus míleata.
    - Soláthar miotail áirithe.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an Iaráin.

**An Iaráic**

1. **I.R. Uimh. 51/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir leis an Iaráic) 2023**
2. **I.R. Uimh. 127/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir leis an Iaráic) (Uimh. 2), 2023**
3. **I.R. Uimh. 173/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir leis an Iaráic) (Uimh. 3), 2023**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorghníomhú beart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha a bhaineann leis an Iaráic. Áirítear le héifeacht na mbeart seo:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a sholáthar do na daoine aonair agus na heintitis liostaithe agus srianta ar thrádáil earraí cultúrtha.
- Toirmeasc ar éilimh arna ndéanamh ag daoine áirithe i dtaca le haon chonradh nó idirbheart a ndéanann na bearta a fhorchuirtear leis an Rialachán difear dó a shásamh.

Forálann na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm freisin maidir leis an Iaráic.

**An Liobáin**

1. **I.R. UIMH. 603/2023 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir leis an Liobáin) 2023**

Foráiltear leis na Rialacháin seo d'fhorghníomhú beart sriantach atá i Rialachán (CE) Uimh. 2021/1275 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha a bhaineann leis an Iaráic. Áirítear le héifeacht na mbeart seo:

- Cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe liostaithe a chalcadh.
- Toirmisc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a sholáthar do na daoine aonair agus na heintitis liostaithe agus srianta ar thrádáil earraí cultúrtha.
- Toirmeasc ar éilimh arna ndéanamh ag daoine áirithe i dtaca le haon chonradh nó idirbheart a ndéanann na bearta a fhorchuirtear leis an Rialachán difear dó a shásamh.

Forálann na Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun lánéifeacht a thabhairt do na smachtbhannaí.

<u>**An Libia**</u>

1. **I.R. Uimh. 172/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir leis an Libia) 2023**
2. **I.R. Uimh. 297/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir leis an Libia) (Uimh. 2), 2023**
3. **I.R. Uimh. 373/2023 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir leis an Libia) (Uimh. 3), 2023**
